AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.7.2022
COM(2022) 383 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

Mí Iúil 2022

Ábhar

Réamhrá 2

I. CUR CHUN FEIDHME RRF AR BUN: TEACHT AS PAINDÉIM DHOMHANDA NÍOS LÁIDRE NÁ RIAMH 3

I.a. Móiminteam infheistíochta agus athchóirithe do gheilleagar na hEorpa 3

I.b. Tacaíocht láithreach airgeadais a sholáthar 6

II. AN DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO: RANNCHUIDIÚ LE CUSPÓIRÍ NA SÉ CHOLÚN AGUS LE COMHIONANNAS IDIR MNÁ AGUS FIR 8

II.a. Sé cholún le haghaidh téarnamh a bheidh slán i bhfad na haimsire: Athbhreithniú ar garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh 8

II. b. Rannchuidiú an RRF le dul i ngleic le neamhionannais inscne 25

III. AN BEALACH AR AGHAIDH: IONSTRAIM SHOLÚBTHA ATÁ CURTHA IN OIRIÚINT DO DHÚSHLÁIN ATÁ AG TEACHT CHUN CINN 31

III.a. Pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua 31

III.b. Ag bogadh ar aghaidh: treoir do na Ballstáit maidir leis na pleananna a thabhairt cothrom le dáta 33

Conclúid 34

Réamhrá

Le Rialachán (AE) 2021/241 bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) an 19 Feabhra 2021 chun comhtháthú a chur chun cinn trí dhrochiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha phaindéim COVID-19 a mhaolú agus tríd an Aontas a ullmhú ar bhealach níos fearr do dhúshláin a bheidh ann amach anseo, go háirithe trí thacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha. 18 mí ina dhiaidh sin, tá cur chun feidhme na Saoráide ar an mbóthar ceart, ós ag déanamh dul chun cinn tapa atá sé de réir amlíne na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá leagtha amach ag na Ballstáit. Go dtí seo, rinneadh EUR 100 billiún i gcistí RRF a eisíoc: EUR 56.6 billiún i réamh-mhaoiniú agus EUR 43 billiún ar íocaíochtaí, agus tá torthaí nithiúla á mbaint amach ag na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta ar an talamh, i gcás infheistíochtaí agus athchóirithe araon, ar fud na sé cholún arna gcumhdach ag an tSaoráid.

Tar éis fhoilsiú na chéad tuarascála bliantúla[1] maidir le cur chun feidhme na Saoráide an 1 Márta 2022, agus i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán, soláthraítear sa tuarascáil athbhreithnithe seo nuashonrú ar chur chun feidhme na Saoráide, agus measúnú cainníochtúil inti ar rannchuidiú na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta leis na spriocanna aeráide agus digiteacha, agus le gach ceann de na sé cholún. Déantar cur síos sa tuarascáil freisin ar an gcaoi ina dtéann na pleananna téarnaimh agus athléimneachta i ngleic leis na neamhionannais idir mná agus fir. Is tuarascáil í ina dtugtar aghaidh ar chur chun feidhme Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta Pharlaimint na hEorpa[2] agus ina gcuimsítear faisnéis maidir le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta go dtí an 30 Meitheamh 2022, agus tá sí bunaithe ar shonraí a foilsíodh sa Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta. Cuirtear tuilleadh faisnéise chun cinn freisin tríd an bhfeachtas NextGenEU a sheol an Coimisiún i mí Bealtaine 2022[3].

Foráiltear le hAirteagal 16 de Rialachán RRF gur cheart a áireamh sa tuarascáil athbhreithnithe freisin barúlacha agus treoir do na Ballstáit sula ndéanfar a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a nuashonrú i bhfianaise nuashonrú 2022 ar an ranníocaíocht uasta airgeadais. Mar sin féin, agus an Coimisiún ag freagairt do na forbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha a spreag ionradh na Rúise ar an Úcráin, thug sé a bharúlacha agus a threoraíocht uaidh ní ba thúisce, barúlacha agus treoraíocht a bhí mar chuid de threoraíocht an Choimisiúin maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU[4] a foilsíodh i mí na Bealtaine 2022.

[1] COM(2022)75 final
[2] Ar fáil ag https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-9-2022-0171_EN.html
[3] I gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán RRF, féach https://europa.eu/next-generation-eu/index_ga
[4] Tá an nóta Treoraíochta le fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/c_2022_3300_1_en_0.pdf

I. CUR CHUN FEIDHME RRF AR BUN: TEACHT AS PAINDÉIM DHOMHANDA NÍOS LÁIDRE NÁ RIAMH


I.a. Móiminteam infheistíochta agus athchóirithe do gheilleagar na hEorpa

Tá breis agus 2 bhliain ann ó nochtadh gurb í Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta freagra na hEorpa ar ghéarchéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Tá athrú ó bhonn ag teacht ar gheilleagar na hEorpa i gcomhthéacs domhanda atá suaite de bharr éiginnteachtaí móra. Ar an gcúis sin, is é príomhaidhm RRF comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí a mhaoiniú a bhfuil tionchar fadtéarmach acu agus tacaíocht uilechuimsitheach a chur ar fáil don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Agus an méid sin á dhéanamh, tá sé d'aidhm ag loighic fheidhmíochtbhunaithe na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta móiminteam éifeachtach athchóirithe a áirithiú i ngach Ballstát go dtí 2026. Léirítear sna measatacháin[5] go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh cistí ó NextGenerationEU borradh thart ar 1.5 % faoi OTI an Aontais, agus go dtacóidh siad le cruthú post nua ag an am céanna, má úsáidtear cistí ó NextGenerationEU i gceart. Le cur i bhfeidhm céimneach an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil agus NextGenerationEU in éineacht leis na trilliún euro a chaith rialtais cheana féin ar bhearta náisiúnta, rinneadh an tAontas níos athléimní agus is fearr a bhí sé in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an bpaindéim agus le géarchéimeanna eile a bheidh ann amach anseo. Aithnítear sna réamhaisnéisí a rinneadh le déanaí acmhainneacht láidir fáis gheilleagar an Aontais d'ainneoin suaiteachtaí leanúnacha agus ganntanas breosla sna margaí domhanda arb é an cogadh san Úcráin ba chúis leo. Baineann neamhchinnteacht eisceachtúil leis na réamh-mheastacháin fáis áfach, agus tá siad faoi réir rioscaí láidre ar an taobh thíos. Ag breathnú chun cinn, i bhfianaise an bhoilscithe agus an mhéadaithe atá tagtha ar rátaí úis le déanaí, tá gá le tacaíocht RRF níos géire ná riamh agus is féidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht riachtanach a chur ar fáil do na Ballstáit atá ag dul i ngleic le cúinsí dúshlánacha.

Tá Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna) 25 Bhallstát formhuinithe ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle. Rannchuidíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá sna RRPanna le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha atá dírithe ar na Ballstáit i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh (rud a dtarraingítear aird air i bhFigiúr 1).

[5]Féach Pfeiffer P., Varga J. agus in 't Veld J. (2021), 'Quantifying Spillovers of NGEU investment', European Economy Discussion Papers, Uimh. 144 agus Afman et al. (2021), 'An overview of the economics of the Recovery and Resilience Facility', Quarterly Report on the Euro Area (QREA), Imleabhar. 20, Uimh. 3, lgh. 7-16. Leagtar béim sa dá staidéar freisin ar íogaireacht na dtorthaí i leith príomhthoimhdí.

Fíor 1. Scaireanna na moltaí tírshonracha arna gcumhdach ag an 25 RRP, de réir réimsí beartais (mar atá sainithe in CeSaR)



Foinse: an Coimisiún Eorpach

Tá cur chun feidhme na Saoráide curtha faoi lán seoil de réir a chéile, a bhuí le tiomantas leanúnach na mBallstát. Tá obair fós ar siúl maidir leis na socruithe oibríochtúla idir lear mór Ballstát agus an Coimisiún. Is réamhriachtanas é síniú na n-iarratas sin chun an t-iarratas ar íocaíocht a chur isteach. Go dtí seo, cuireadh 13 shocrú oibríochtúla i gcrích[6], rud a d'fhág gur tíolacadh 11 iarraidh ar íocaíocht[7] agus go ndearnadh eisíocaíocht le 6 Bhallstát[8]. Chun go n-éireoidh leis an tSaoráid go fadtéarmach, tá sé fíor-riachtanach leanúint leis an ngealltanas a léirigh na Ballstáit a gcuid garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh go tráthúil. Tá rath na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ag brath freisin ar dhlúth-rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus geallsealbhóirí eile, a rannchuidigh le dearadh na bpleananna agus a bhfuil ról lárnach acu anois ina gcur chun feidhme. Ina theannta sin,

[6] Socruithe oibríochtúla a síníodh leis an gCróit, leis an gCipir, leis an Eastóin, leis an bhFrainc, leis an nGréig, leis an Iodáil, le Laitvia, leis an Liotuáin, leis an bPortaingéil, leis an Rómáin, leis an tSlóvaic, leis an tSlóivéin agus leis an Spáinn. Meastar go síneofar 12 shocrú oibríochtúil breise roimh dheireadh 2022.
[7] Iarratas ar íocaíocht a chuir an Chróit, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic isteach agus dhá cheann a chuir an Spáinn agus an Iodáil isteach.
[8] Eisíocaíochtaí chuig an gCróit, chuig an bhFrainc, chuig an nGréig, chuig an Iodáil, chuig an bPortaingéil agus chuig an Spáinn.

d'fhéadfadh na Ballstáit brath freisin ar Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil an Choimisiúin Eorpaigh chun a bpleananna a chur chun feidhme.

Dul chun cinn i dtreo spriocanna digiteacha agus aeráide a leagtar amach sa Rialachán

Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear réimse saibhir athchóirithe agus infheistíochtaí chun cinn lena dtacófar le cuspóirí comhshaoil agus digiteacha ar fud an Aontais. Tacaíonn na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta go láidir leis an aistriú glas. Ní mór 37 % ar a laghad de na cistí leithdháilte ar ghníomhú ar son na haeráide a bheith i ngach Plean Téarnaimh agus Athléimneachta. Sa bhreis ar an sprioc aeráide 37 %, ní mór do gach beart aonair cloí leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i ndáil leis an tacar níos leithne de chuspóirí comhshaoil. Cé go sáraíonn gach plean tagarmharc 37 % (tá 40 % de leithdháileadh na bpleananna tiomnaithe do chuspóirí aeráide), bhain roinnt Ballstát úsáid as níos mó ná leath dá leithdháileadh i dtreo cuspóirí aeráide. Ina theannta sin, rannchuideoidh an tSaoráid le claochlú digiteach an Aontais. Tacaíonn sé le hathchóirithe agus infheistíochtaí sa bhonneagar digiteach, scileanna, teicneolaíochtaí digiteacha agus T&N chun tacú le barr feabhais teicneolaíochta na hEorpa chomh maith le digitiú gnó agus seirbhísí poiblí. Thug an Rialachán sainordú do na Ballstáit níos mó ná 20 % dá leithdháileadh a chaitheamh ar bhearta claochlaithe dhigitigh, ach chuaigh formhór na mBallstát thar an méid sin — tá 26 % de leithdháileadh iomlán na bpleananna tiomnaithe do chuspóirí digiteacha. Mar shampla, infheisteoidh an Ghearmáin agus an Ostair thart ar 53 % agus déanfaidh Lucsamburg, an Liotuáin agus Éire 32 % dá leithdháileadh iomlán uasta faoi seach i dtreo spriocanna digiteacha.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh sa tuairisciú leathbhliantúil, tá garspriocanna agus spriocanna á gcur chun feidhme go tráthúil. Ag deireadh mhí Aibreáin 2022, thug na Ballstáit tuairisc ar chur chun feidhme a bpleananna mar chuid den dara babhta tuairiscithe leathbhliantúil. Leagtar béim sna sonraí a chuirtear isteach ar an dul chun cinn seasta atá déanta i gcur chun feidhme na bpleananna, ós rud é go bhfuil na Ballstáit ar an mbóthar ceart i gcur chun feidhme a gcuid RRPanna.

Tá dul chun cinn cothrom déanta maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí araon a chur chun feidhme ar fud na RRPanna, agus garspriocanna agus spriocanna comhlíonta.

Samplaí d'athchóirithe a bhfuil garspriocanna dá gcuid comhlíonta

- Ghlac **an Chróit** Gníomh maidir le Breoslaí Iompair Malartacha
- Chuir **an Fhrainc** athchóiriú i bhfeidhm a bhain le rialachas an airgeadais phoiblí
- Ghlac **an Ghréig** dlí maidir le bainistiú dramhaíola agus chuir sí tús lena chur chun feidhme
- Ghlac **an Iodáil** reachtaíocht chun an córas ceartais a athchóiriú
- Ghlac **an Phortaingéil** a Straitéis Náisiúnta chun an Bhochtaineacht a Chomhrac
- Ghlac **an Spáinn** a Plean Náisiúnta Inniúlachtaí Digiteacha

Tá líon suntasach infheistíochtaí déanta ag na Ballstáit freisin.. Taispeántar roinnt samplaí sa bhosca thíos.

Samplaí d'infheistíochtaí a bhfuil spriocanna dá gcuid comhlíonta

- Chuir **an Chróit** tacaíocht ar fáil do chuideachtaí chun borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus faoin úsáid a bhaintear as fuinneamh in-athnuaite in earnáil na tionsclaíochta
- Dheonaigh **an Fhrainc** 400 000 bónais le haghaidh athchóiriú tithíochta príobháideach
- Thairg **an Ghréig** 13 Lárionad Cosanta Sibhialta Réigiúnacha (PEKEPP) a thógáil trí scéimeanna comhpháirtíochta poiblí-príobháideacha
- Chuir **an Iodáil** síneadh leis na dreasachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i bhfoirgnimh chónaithe
- Shínigh **an Phortaingéil** na conarthaí riachtanacha chun 600 000 ríomhaire aonair a cheannach do dhaltaí agus do mhúinteoirí
- D'fhormheas **an Spáinn** Plean 2021-2025 maidir le Digitiú FBManna chun borradh a chur faoi dhigitiú gnólachtaí beaga agus chun an nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun cinn.

Ar deireadh, is fiú a chur i bhfios go láidir gur chomhlíon na Ballstáit roinnt garspriocanna sa chéad chéim de chur chun feidhme RRPanna chun tacú le húsáid infheistíochtaí ar an leibhéal náisiúnta, agus córais rialaithe leordhóthanacha a áirithiú ag an am céanna. Mar shampla, thug an Iodáil nósanna imeachta riaracháin nua isteach chun an tacar oibleagáidí do ghnólachtaí a bhfuil rochtain acu ar chistí RRF a shimpliú agus a chaighdeánú, agus d'fhorbair sí córas stóir lárnaigh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF ar fud réigiún. Ar an gcaoi chéanna, chuir an Fhrainc feabhas ar an gcóras rialaithe agus iniúchóireachta trí róil agus freagrachtaí an chomhlachta comhordúcháin agus na n-aireachtaí ábhartha a leagan amach, trí nósanna imeachta a thabhairt isteach maidir le sonraí RRF a bhailiú agus a stóráil agus tríd an straitéis iniúchóireachta a shainiú roimh iarrataí íocaíochta.

I.b. Tacaíocht láithreach airgeadais a sholáthar

Mar thoradh ar chur chun feidhme seasta na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, eisíocadh thart ar 20 % de chistí RRF a leithdháileadh cheana féin. Íocadh breis agus EUR 56.6 billiún de réamh-mhaoiniú le 21 Bhallstát, agus íocadh EUR 43 bhilliún ar na garspriocanna agus na spriocanna a chomhlíonadh. Ón uair a chuir an Spáinn an chéad iarraidh ar íocaíocht isteach an 11 Samhain 2021, fuair an Coimisiún 10 n-iarratas ar íocaíocht eile[9] agus in 2022 meastar go gcuirfear isteach breis agus 30 iarraidh ar íocaíocht. Faoin 30 Meitheamh[10], bhí na chéad íocaíochtaí faighte ag sé thír (an Chróit, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, agus an Spáinn) agus leis an eisíocaíocht a rinneadh le déanaí

[9] An Spáinn den dara huair an 30/04, an Fhrainc an 26/11/2021, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an Chróit, an tSlóvaic an 29/04 agus an Rómáin an 31/05.

[10] D'fhormheas an Coimisiún an chéad iarraidh ar íocaíocht ón tSlóvaic agus an dara hiarraidh ar íocaíocht ón Spáinn an 21/07/2022. Agus an dá íocaíocht sin déanta cuireadh leis an tsuim iomlán a íocadh ionas gur EUR 112,4 billiún a bhí i gceist.

leis an gCróit, tugadh an méid RRF iomlán a d'eisíoc an Coimisiún leis an gceann cinniúnach 100 billiún siombalach, ach bliain amháin tar éis na chéad phleananna a chur isteach go hoifigiúil. Léiríonn luas tapa na n-eisíocaíochtaí go dtí seo éifeachtacht ionstraim airgeadais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus an gealltanas ard atá ag na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí gaolmhara a chur chun feidhme.

RRF – Cumarsáid agus infheictheacht

Leagtar amach in Airteagal 34 de Rialachán RRF na ceanglais chumarsáide do na Ballstáit agus na RRPanna. Mínítear ann go dtabharfaidh na Ballstáit aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus go n-áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe, lena n-áirítear trí shuaitheantas an Aontais a thaispeáint mar aon le ráiteas cistiúcháin a deir 'arna chistiú ag an Aontas Eorpach – NextGenerationEU', agus go soláthróidh siad faisnéis spriocdhírithe éifeachtach comhréireach do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. Leagtar síos na ceanglais sin a thuilleadh sa chomhaontú maoinithe arna shíniú ag an gCoimisiún leis na Ballstáit uile a fhaigheann tacaíocht faoi RRF agus tá a gcuid straitéisí cumarsáide sonraithe ag na Ballstáit sna RRPanna.

Tá roinnt gníomhaíochtaí déanta ag na Ballstáit chun infheictheacht na tacaíochta RRF a áirithiú. Orthu sin tá na nithe seo a leanas: suíomhanna gréasáin náisiúnta RRF a sheoladh; na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta éagsúla a fhoilsiú agus na straitéisí cumarsáide a leagtar amach sna RRPanna a chur chun feidhme. Taispeánfaidh na Ballstáit (agus na tairbhithe deiridh) ráitis chistiúcháin iomchuí chomh maith le suaitheantas an Aontais, i gcás inarb infheidhme.

Cuireann an Coimisiún treoraíocht rialta ar fáil do na Ballstáit agus leanann sé de thacaíocht a thabhairt dá n-iarrachtaí infheictheacht RRF a ardú. Chomh maith leis an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta a sheoladh, tá suíomh gréasáin na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta curtha ar bun ag an gCoimisiún,[11] suíomh ar a bhfuil na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta freisin agus lena n-áirítear naisc chuig na suíomhanna gréasáin náisiúnta ar leith. Ina theannta sin, pléann an Coimisiún ceisteanna RRF go rialta leis na Ballstáit i gcomhthéacs an líonra INFORM EU (líonra uile-Aontais d'oifigigh chumarsáide atá freagrach as cumarsáid a dhéanamh maidir le tionscadail an Aontais agus na mBallstát a fhaigheann cistiú ón Aontas, lena n-áirítear RRF). D'eagraigh an Coimisiún cúig chlinic thiomnaithe INFORM EU chun comhairle a chur ar shaineolaithe na mBallstát agus chun go bhféadfadh malartú dea-chleachtas a bheith ann i ndáil le saincheisteanna sonracha a bhaineann le hinfheictheacht RRF agus le cumarsáid ina thaobh.

Ina theannta sin, eagraíonn an Coimisiún imeachtaí comhpháirteacha i gcomhar leis na Ballstáit lena leagtar béim ar an ngné Eorpach de thionscadail a fhaigheann tacaíocht ó RRF. Is díol suntais ar leith iad na hImeachtaí Bliantúla, imeachtaí arb éard atá i gceist leo deis ríthábhachtach chumarsáide ina dtugtar le chéile institiúidí, geallsealbhóirí (go háirithe comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta) agus tairbhithe de thacaíocht RRF chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta agus ar staid na himeartha maidir le cur chun feidhme na RRPanna.

[11] https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/recovery-coronavirus/recovery-and-resilience-facility_en

Reáchtáladh ceithre Imeacht Bhliantúil cheana féin in 2022 (EE, LV, MT agus PT), agus is san fhómhar a bheidh na cinn eile ann. Tá ról lárnach ag Oifigigh an tSeimeastair Eorpaigh, arna bpostáil in ionadaíochtaí an Choimisiúin, in eagrú na nImeachtaí Bliantúla agus, ar bhonn níos ginearálta, i gcothú an chomhair maidir le cumarsáid sna Ballstáit.

Ina theannta sin, iarrann an Coimisiún go rialta ar na meáin áitiúla seisiúin faisnéise a dhéanamh i gcomhthéacs iarrataí ar íocaíocht a phróiseáil, chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna uile a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le measúnú an Choimisiúin.

Ar deireadh, sheol an Coimisiún an feachtas cumarsáide corparáidí NextGenEU, chun feasacht a mhúscailt ar fud na hEorpa maidir le raon feidhme agus cuspóirí an phlean téarnaimh. Seoladh an feachtas in earrach 2021, agus is gearr go mbeidh sé ag díriú níos géire fós ar na tairbhí nithiúla a bhaineann le tionscadail arna gcistiú ag NextGenerationEU a chur in iúl i ngach Ballstát.

II. AN DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO: RANNCHUIDIÚ LE CUSPÓIRÍ NA SÉ CHOLÚN AGUS LE COMHIONANNAS IDIR MNÁ AGUS FIR

II.a. Sé cholún le haghaidh téarnamh a bheidh slán i bhfad na haimsire: Athbhreithniú ar garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh

Iarann Airteagal 29 (3) den Rialachán ar an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar an méid a rannchuidíonn gach Plean Téarnamh agus Athléimneachta le sé cholún na Saoráide a leagtar amach in Airteagal 3 (a) go (f). Is iad seo a leanas na sé cholún:


- an t-aistriú glas;
- an claochlú digiteach;
- fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, poist, táirgiúlacht, iomaíochas, taighde, forbairt agus nuálaíocht, agus margadh inmheánach dea-fheidhmiúil le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) láidre;
- comhtháthú sóisialta agus críochach;
- sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, rud a bhfuil sé d'aidhm aige, *inter alia*, acmhainneacht um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus acmhainneacht freagartha géarchéime a mhéadú;
- beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige, amhail an t-oideachas agus scileanna.

Léirítear leis na sé cholún beartais na príomhréimsí beartais atá ábhartha don Eoraip agus raon feidhme foriomlán an RRF. Le bheith comhsheasmhach le cineál ilghnéitheach na mbeart aonair, i gcás inar minic a bhíonn baint ag beart le roinnt colún, tá an tuairisciú bunaithe ar shannadh gach birt (nó fobhirt) do dhá cholún beartais (i.e. colún príomhúil agus

tánaisteach).[12]. Tugtar forléargas san fhigiúr thíos ar an gcaiteachas measta in aghaidh an cholúin beartais bunaithe ar 25 phlean a ghlac an Chomhairle. Tá an t-aistriú glas, fás cliste inbhuanaithe agus cuimsitheach, chomh maith le comhtháthú sóisialta agus críochach ar bharr na dtosaíochtaí caiteachais (le ráta ranníocaíochta idir 40 agus 50 %) do na Ballstáit a scrúdaíodh. Rannchuidíonn 29 % de chaiteachas na mbeart leis an gclaochlú digiteach, agus 16 % le beartais a bhaineann le sláinte, athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, rud a léiríonn freisin na freagairtí ar phaindéim COVID. Ar deireadh, rannchuidíonn os cionn 12 % den chaiteachas le beartais don chéad ghlúin eile, lena n-áirítear oideachas agus scileanna.

[12] Sanntar bearta do cholúin phríomha agus thánaisteacha bunaithe ar a n-ábharthacht. Is é príomhréimse beartais an bhirt (e.g. glas, digiteach, etc.) a chinneann a shannadh príomhúil. Tá an sannadh tánaisteach bunaithe ar an dara réimse beartais is ábhartha den bheart.

Fíor 2. An sciar de chaiteachas measta na RRPanna de réir colún beartais




Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta. Nóta: Cuireann gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún (príomhúil agus tánaisteach), dá bhrí sin is ionann an ranníocaíocht iomlán le gach colún atá léirithe ar an gcairt seo agus 200 % de chostas measta na RRPanna formheasta. Na céatadáin a ríomhtar don rannchuidiú le colúin an aistrithe ghlais agus an chlaochlaithe dhigitigh, tá siad éagsúil ó na céatadáin a ríomhtar don rannchuidiú leis na cuspóirí aeráide agus digiteacha; ríomhtar na céatadáin don rannchuidiú leis na cuspóirí aeráide agus digiteacha de réir modheolaíocht eile (a shonraítear in Iarscríbhinní VI agus VII de Rialachán RRF).

Breis agus an ceathrú cuid den chaiteachas iomlán sna pleananna glactha, meastar go rannchuideoidh sé le caiteachas sóisialta, lena n-áirítear caiteachas ar leanaí agus ar an óige (Figiúr 3). I bhfianaise a thábhachtaí atá caiteachas sóisialta tar éis phaindéim COVID, tugadh de chumhacht don Choimisiún le Rialachán RRF gníomh tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear modheolaíocht chun tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas sóisialta, lena n-áirítear caiteachas ar leanaí agus ar an óige, faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (Airteagal 29 (4) (b))[13]. Leis an modheolaíocht arna glacadh ag an gCoimisiún, aicmítear an caiteachas uile arna mhaoiniú ag an tSaoráid a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí i naoi réimse leathana beartais, a chomhiomlánaítear ina dhiaidh sin i gceithre chatagóir shóisialta: (1) fostaíocht agus scileanna, 2) oideachas agus cúram leanaí, 3) cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, agus 4) beartais shóisialta. Cuireann leithdháileadh EUR 135 bhilliún san iomlán leis an gcaiteachas sóisialta, arb ionann é agus thart ar 30 % den chaiteachas measta iomlán. Tá thart ar aon trian den mhéid sin dírithe ar chaiteachas ar oideachas agus ar chúram leanaí, aon trian eile ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach, agus tá an chuid eile roinnte idir caiteachas ar fhostaíocht agus ar scileanna, agus beartais shóisialta.

[13] Rialachán Tarmligthe 2021/2105


Fíor 3. An sciar de chaiteachas sóisialta RRF de réir príomhchatagóirí sóisialta



Nóta: Taispeántar san fhíor seo miondealú an chaiteachais shóisialta mheasta sna RRPanna formhuinithe ar fad. Déantar catagóirí sóisialta a shainiú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an modheolaíocht a ghlac an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit i *Rialachán Tarmligthe 2021/2105*.

Go dtí seo, na híocaíochtaí a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta, garspriocanna agus spriocanna a bhaineann le bearta i réimsí na sláinte, na hathléimneachta eacnamaíche, sóisialta agus institiúidí, agus an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh, sin iad na híocaíochtaí is mó (thart ar EUR 10 mbilliún an ceann). Íocadh thart ar EUR 8 mbilliún chun garspriocanna agus spriocanna a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an gcomhtháthú sóisialta agus críochach a chomhlíonadh. An EUR 6 bhilliún eile den chaiteachas measta, tá sé roinnte idir an claochlú digiteach, agus beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige (Figiúr 4).

Fíor 4. Íocaíocht de réir colúin (i mbilliún EUR) - réamh-mhaoiniú fágtha as an áireamh




Nóta: Tá an graf seo bunaithe ar mhodheolaíocht a d'fhorbair an Coimisiún chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an chaiteachais ar fud na gcolún. De réir na modheolaíochta sin, déantar gach íocaíocht a dháileadh ar fud na sé cholún bunaithe ar na catagóirí colúin a shanntar do na bearta a bhaineann le tacar garspriocanna agus spriocanna an iarratais ar íocaíocht.

Colún 1: An t-aistriú glas

Cabhróidh RRF le baint amach spriocanna an Aontais maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Chomh maith le rannchuidiú leis an uaillmhian aeráide a bhaint amach agus cuspóirí REPowerEU amhail soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid níos mó, áiritheoidh na bearta a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go ndéanfar dul chun cinn i dtreo cuspóirí comhshaoil eile amhail aerthruailliú a laghdú, an geilleagar ciorclach a chur chun cinn nó an bhithéagsúlacht a athbhunú agus a chosaint, etc. Tá EUR 249 billiún ar an iomlán de leithdháileadh iomlán na mBallstát tiomnaithe do bhearta a rannchuidíonn le colún an aistrithe ghlais, ar féidir iad a mhiondealú in 11 réimse beartais (féach figiúr 5).

Fíor 5. Miondealú ar an gcaiteachas a thacaíonn leis an aistriú glas de réir réimse beartais



Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.
Baineann an céatadán leis an sciar foriomlán a chlibeáiltear faoin gcolún beartais seo de na 25 phlean a glacadh faoin 30 Meitheamh 2022

Ina measc siúd a comhlíonadh go dtí seo, tá 89 ngarsprioc agus sprioc ann a rannchuidíonn le colún 1[14]. Cuirtear roinnt samplaí i láthair thíos.

Samplaí de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta

- **Sa Fhrainc**, tá infheistíochtaí curtha ar bun acu chun tacú le hathchóiriú fuinneamhéifeachtúil agus le mór-athshlánú na tithíochta príobháidí agus sóisialta.
- Thug **an Iodáil** reachtaíocht nua isteach chun táirgeadh agus tomhaltas bithmheatáin a chur chun cinn.


[14] Is féidir le garsprioc agus sprioc cur le níos mó ná colún amháin.

- Thug **an Spáinn** athchóiriú isteach chun creat cumasúcháin a chur ar bun chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú sa chóras fuinnimh: líonraí, stóráil agus bonneagar.
- D'fhormheas **an Phortaingéil** athchóiriú lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chláir Oibre Nuálaíochta don Talmhaíocht 2030, lena ndírítear ar T & N ar riachtanais na hearnála talmhaíochta, bia agus agraitionscail, agus d'oscail sí an chéad ghlao ar thairiscintí maidir le hinfheistíochtaí chun tacú le dícharbónú an tionscail.
- Rinne **an Ghréig** athchóiriú chun creat a bhunú chun bonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil agus a oibriú.
- Ghlac **an Chróit** cláir le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú, thug sí isteach Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh chun earnáil an fhuinnimh a dhícharbónú agus ghlac sí an Gníomh um Breoslaí Malartacha le haghaidh Iompair.

Le Rialachán RRF ceanglaítear nach mór 37 % ar a laghad den leithdháileadh iomlán i ngach RRP a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sháraigh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe ag na Ballstáit an sprioc 37 % (féach freisin figiúr 6 thíos). Is ionann an caiteachas measta aeráide iomlán sna pleananna glactha agus EUR 198 billiún, thart ar 40 % den leithdháileadh iomlán don phlean arna ríomh de réir na modheolaíochta clibeála aeráide[15].

[15] Bhí sé de cheangal a shonrú sna RRPanna a mhéid a rannchuidíonn gach beart go hiomlán (100 %), go páirteach (40 %) nó nach bhfuil aon tionchar aige (0 %) ar chuspóirí aeráide agus bonn cirt a thabhairt leis, trí úsáid a bhaint as Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF. Trí na comhéifeachtaí a chomhcheangal leis na meastacháin ar chostais a bhaineann le gach beart, is féidir ríomh a dhéanamh ar an méid a rannchuidíonn na pleananna leis an sprioc aeráide.

Fíor 6. An sciar de leithdháileadh RRP atá sa rannchuidiú le cuspóirí aeráide




Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.

Colún 2: An claochlú digiteach

Leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, soláthraítear rannchuidiú suntasach leis an gclaochlú digiteach san Aontas. Áirítear ar na pleananna réimse beart, lena n-áirítear bonneagair dhigiteacha agus ardteicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a chur in úsáid, scileanna digiteacha a fhorbairt don daonra agus don lucht saothair, agus tacaíocht do dhigitiú fiontar agus seirbhísí poiblí. Rannchuideoidh EUR 141 bhilliún ar an iomlán le colún an chlaochlaithe dhigitigh, agus leithdháilfear é ar fud na réimsí beartais dhigitigh mar a léirítear i bhfigiúr 7.

Fíor 7. Miondealú ar an gcaiteachas a thacaíonn leis an gclaochlú digiteach de réir réimse beartais



Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.
Baineann an céatadán leis an sciar foriomlán a chlibeáiltear faoin gcolún beartais seo de na 25 phlean a glacadh faoin 30 Meitheamh 2022.

Go dtí seo, comhlíonadh 44 gharsprioc agus sprioc a rannchuidíonn leis an gcolún digiteach.. Tá roinnt samplaí ag baint le hiarratais ar íocaíocht a ndearnadh measúnú dearfach orthu thíos.


Samplaí de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta

- Bhronn **an Iodáil** conarthaí chun Tairseach don Turasóireacht Dhigiteach a fhorbairt agus sheol sí glaonna ar thionscadail náisiúnta a shainaithint do IPCEInna maidir le micrileictreonaic agus néalríomhaireacht.
- Ghlac **an Spáinn** a Plean maidir le Digitiú FBManna 2021-2025 agus Plean Inniúlachtaí Digiteacha.
- Shínigh **an Phortaingéil** conarthaí chun 600 000 ríomhaire glúine nua a cheannach chun iasachtaí a thabhairt do mhúinteoirí agus do dhaltaí agus chun 17 Mol Nuálaíochta Digití a roghnú a thacóidh le cuideachtaí ina n-iarrachtaí digitithe.
- Ghlac **an Fhrainc** sé ‘straitéis luasghéaraithe’ don nuálaíocht i bpríomhtheicneolaíochtaí digiteacha (teicneolaíochtaí cainníochta, cibearshlándáil, oideachas digiteach, tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, 5G, néal).
- Sheol **an Ghréig** glao ar bhainc thráchtála faoina saoráid iasachta RRF. Tacóidh 20 % ar a laghad den chistiú le cuspóirí digiteacha.
- Bhunaigh **an Chróit** Aonad chun Tionscadail um Chlaochlú Digiteach a Chur Chun Feidhme agus a Bhainistiú san Aireacht Talmhaíochta, rud a áiritheoidh go mbainfear amach 30 seirbhís phoiblí digitithe ar a laghad, ardán oibríochtúil um Thalmhaíocht Chliste agus córas faisnéise inrianaitheachta a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

Ceanglaítear le Rialachán RRF nach mór 20 % ar a laghad den leithdháileadh iomlán i ngach RRP a bheith ag tacú le cuspóirí digiteacha. Sháraigh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe ag na Ballstáit an sprioc digiteach 20 %; is ionann an caiteachas measta digiteach iomlán sna pleananna glactha agus EUR 127 billiún, 26 % de leithdháileadh iomlán na bpleananna arna ríomh de réir na modheolaíochta clibeála digití[16].

[16] Bhí sé de cheangal a shonrú sna RRPanna a mhéid a rannchuidíonn gach beart go hiomlán (100 %), go páirteach (40 %) nó nach bhfuil aon tionchar aige (0 %) ar chuspóirí aeráide agus/nó digiteacha agus bonn cirt a thabhairt leis, trí úsáid a bhaint as Iarscríbhinn VII de Rialachán RRF. Trí na comhéifeachtaí a chomhcheangal leis na measatacháin ar chostais a bhaineann le gach beart, is féidir ríomh a dhéanamh ar an méid a rannchuidíonn na pleananna leis an sprioc dhigiteach.

Fíor 8. An sciar de leithdháileadh RRP atá sa rannchuidiú le cuspóirí aeráide




Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.

Colún 3: Fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, lena n-áirítear comhtháthú eacnamaíoch, poist, táirgiúlacht, iomaíochas, taighde, forbairt agus nuálaíocht, agus margadh inmheánach dea-fheidhmiúil le FBManna láidre

I bpleananna na mBallstát, tá go leor athchóirithe agus infheistíochtaí curtha san áireamh acu a rannchuidíonn le fás cliste, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a chur chun cinn agus lena ngeilleagair agus le geilleagar an Aontais ina iomláine a dhéanamh níos athléimní. Go háirithe, i bhfianaise a thábhachtaí atá fiontair bheaga, mheánmhéide agus mhóra (FBManna) dár ngeilleagair agus don phróiseas téarnaimh, tá líon suntasach beart curtha ar aghaidh ag na Ballstáit a thacaíonn go díreach agus go hindíreach le FBManna[17]. San iomlán, leis na 25 phlean a ghlac an Chomhairle amhail ón 30 Meitheamh, cuirtear le colún 3 le 235 billiún ina gcuirtear fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach chun cinn i raon réimsí éagsúla beartais (féach fíor 9).

[17] Tá tuilleadh eolais agus samplaí nithiúla de bhearta lena dtugtar tacaíocht do FBManna le fáil san anailís théamach "tacaíocht do FBManna" a foilsíodh ar an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta: https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/assets/thematic_analysis/3_SME.pdf

Fíor 9. Miondealú ar an gcaiteachas lena dtacaítear le fás cliste, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach de réir réimse beartais



Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.
Baineann an céatadán leis an sciar foriomlán a chlibeáiltear faoin gcolún beartais seo de na 25 phlean a glacadh faoin 30 Meitheamh 2022

Go háirithe, as 228 ngarsprioc agus sprioc a comhlíonadh, rannchuidíonn 115 ceann acu le colún 3, rud a léiríonn go bhfuil dul chun cinn tábhachtach á dhéanamh i dtreo fás inbhuanaithe a athbhunú agus a chur chun cinn.. Ní thuairiscítear sa bhosca thíos ach líon beag samplaí de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta.

Thairis sin, tá na Ballstáit ar an mbóthar ceart maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme chun tacú le FBManna agus iad ag téarnamh agus chun feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhaoiniú, lena n-áirítear trí chistí RRF.. Mar shampla, tá athchóiriú ar an timpeallacht ghnó agus rialála á chur chun feidhme ag an gCróit chun iomaíochas an gheilleagair a neartú, rud a thugann aird ar leith ar éifeachtaí eacnamaíocha na rialála ar FBManna. Déanfaidh an Ghréig athchóiriú ar a timpeallacht ghnó tríd an ualach riaracháin agus rialála ar ghnólachtaí, FBManna san áireamh, a laghdú. Go sonrach, laghdóidh an t-athchóiriú castacht, costas agus fad na bpróiseas éagsúil amhail creidmheas a fháil, nasc leictreachais a fháil, réadmhaoin a chlárú, agus cead tógála a fháil. Tá sé beartaithe freisin athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat soláthair phoiblí faoi phlean na Gréige, inter alia, chun rochtain FBManna ar chonarthaí poiblí a fheabhsú. Le hathchóiriú na hIodáile ar sholáthar poiblí, déanfar rialacha agus próisis soláthair phoiblí a shimpliú, méadófar deimhneacht dhlíthiúil do ghnólachtaí, cuirfear dlús le dámhachtain conarthaí poiblí agus laghdófar íocaíochtaí déanacha ó riaracháin phoiblí, rud a rachaidh chun tairbhe do FBManna freisin.


Samplaí de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta

- Sa **Phortaingéil**, tá athchóiriú eisithe acu chun na coinníollacha reachtacha agus rialála is gá a chruthú chun hidrigin in-athnuaite a thabhairt isteach de réir a chéile, faoi chuimsiú Straitéis Náisiúnta Hidrigine; agus infheistíochtaí curtha i bhfeidhm chun réimsí fáiltithe gnó a nuachóiriú le haghaidh idirghabhálacha chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus ar dhigitiú.
- Thacaigh **an Fhrainc** le hinfheistíochtaí le haghaidh taighde in ardteicneolaíochtaí don aistriú glas (tionscadail a thagann faoi sheacht 'straitéis luasghéaraithe': (i) hidrigin dhícharbónaithe, (ii) dícharbónú na tionsclaíochta, (iii) córais talmhaíochta inbhuanaithe, (iv) ábhair athchúrsáilte a athchúrsáil agus a athchorprú, (v) cathracha inbhuanaithe agus foirgnimh nuálacha, (vi) digitiú agus dícharbónú na soghluaisteachta, agus (vii) táirgí bithfhoinsithe agus biteicneolaíochtaí tionsclaíocha — breoslaí inbhuanaithe) chun nuálaíocht a chothú le haghaidh aistriú glas an gheilleagair.
- Cheap **an Ghréig** athchóiriú trí reachtaíocht a dhréachtú chun córas dreasachtaí a chur chun feidhme chun táirgiúlacht agus eiseachas fiontar a chur chun cinn (méid na bhfiontar a mhéadú).
- San **Iodáil**, tá infheistíochtaí curtha ar bun acu chun tacú le gnólachtaí atá ag feidhmiú in earnáil na turasóireachta, go háirithe trí chistí chun iomaíochas na bhfiontar turasóireachta a mhéadú. Ina theannta sin, bhain 4000 FBM tairbhe as tacaíocht agus cistiú spriocdhírithe cheana féin trí Chiste 394/81 arna bhainistiú ag SIMEST a athmhaoiniú agus a athmhúnlú.
- Ghlac **an Chróit** Gníomh maidir leis an gcreat institiúideach do chistí an Aontais lena bhfeabhsófar a n-acmhainneacht ionsúcháin agus lena n-éascófar cur chun feidhme níos gasta tionscadal infheistíochta.
- Thug **an Spáinn** dhá athchóiriú thábhachtacha isteach, chun an creat rialála

Colún 4: Comhtháthú sóisialta agus críochach

Tá líon suntasach beart curtha san áireamh ag na Ballstáit chun tacú le comhtháthú sóisialta agus críochach, go háirithe chun rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Níos cruinne fós, leis na 25 RRPanna a ghlac an Chomhairle go dtí seo, tacófar le colún 4 a bhfuil thart ar EUR 222 billiún aige. Léirítear miondealú an chaiteachais laistigh den cholún i bhfigiúr 10.

Fíor 10. Miondealú ar an gcaiteachas a thacaíonn le comhtháthú sóisialta agus críochach de réir réimse beartais



Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.
Baineann an céatadán leis an sciar foriomlán a chlibeáiltear faoin gcolún beartais seo de na 25 phlean a glacadh faoin 30 Meitheamh 2022. Tá an mhodheolaíocht chun caiteachas sóisialta a thuairisciú, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105, ailínithe go hiomlán agus comhtháite sa mhodheolaíocht chun caiteachas a thuairisciú faoi na sé cholún. Faoin gcolún sin, úsáidtear na réimsí beartais a bhfuil réiltín (*) ag baint leo chun tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas sóisialta, lena n-áirítear leanaí agus an óige, faoin tSaoráid.

Ag féachaint ar na hiarrataí ar íocaíocht a raibh measúnú dearfach déanta orthu a glacadh faoin30 Meitheamh 2022, 82 de na garspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh, tacaíonn siad le colún 4. Is fiú a chur i bhfios go láidir go dtacaíonn 28 gcinn de na garspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh le fostaíocht sa chiall is leithne[18], rud a léiríonn tiomantas láidir ó na Ballstáit do chruthú fostaíochta ar ardchaighdeán ó chéimeanna tosaigh chur chun feidhme RRPanna.

[18] Tá na garspriocanna sin nasctha le bearta a rannchuidíonn leis an gcatagóir shóisialta ‘Fostaíocht’, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe 2021/2105.


Samplaí de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta

- Rinne **an Fhrainc** infheistíochtaí a imscaradh chun tacú le bonneagar críochach agus seirbhísí críochacha amhail athchóiriú línte iarnróid áitiúla agus d'fhormheas sí athchóiriú chun cumhachtaí a aistriú chuig críocha áitiúla. Chomh maith leis sin, ghlac an Fhrainc comhaontuithe maoinithe do thionscadail amhail lánaí tógála atá curtha in áirithe d'iompar poiblí agus do roinnt gluaisteán.
- San **Iodáil**, tá infheistíochtaí curtha i bhfeidhm acu chun tacú le daoine leochaileacha agus chun institiúidiú a chosc trí thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha; dí-institiúidiú cúraim do dhaoine scothaosta, seirbhísí sóisialta baile a threisiú chun ospidéalú agus feabhsú seirbhísí sóisialta a chosc chun cosc a chur ar spíonadh i measc oibrithe sóisialta agus tugadh isteach athchóiriú nua chun beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a nuachóiriú agus chun feabhas a chur ar an gcóras gairmoiliúna.
- D'eisigh **an Phortaingéil** athchóiriú nua chun plean tithíochta náisiúnta a bhunú a raibh infheistíochtaí ábhartha ag gabháil leis chun feabhas a chur ar dhálaí tithíochta sa stoc tithíochta ar leibhéal réigiúnach.
- Sa **Ghréig**, tá plean gníomhaíochta maidir le bochtaineacht fuinnimh curtha ar bun acu, lena n-áirítear bearta beartais spriocdhírithe chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh cónaithe a fheabhsú i measc teaghlach atá leochaileach ó thaobh na heacnamaíochta de.
- Ghlac **an Chróit** an Plean Náisiúnta i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta 2021-2027 agus é d'aidhm aici feabhas a chur ar shaol laethúil na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus iad siúd a bhfuil géardhíth ábhartha orthu. Leis an bPlean sin cruthaítear réamhchoinníollacha tábhachtacha d'athchóiriú reachtaíochta ar an bPlean Náisiúnta um Fhorbairt Seirbhísí Sóisialta a rannchuidíonn le dí-institiúidiú agus le forbairt seirbhísí baile agus seirbhísí pobalbhunaithe le haghaidh

Colún 5: Sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, rud a a bhfuil sé d'aidhm aige, inter alia, acmhainneacht um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus acmhainneacht freagartha géarchéime a mhéadú; agus

Bearta chun sláinte agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach a chur chun cinn, is gné lárnach iad de na pleananna téarnaimh agus athléimneachta, agus is é is aidhm dóibh córais sláinte agus athléimneacht institiúidí a neartú. Rannchuidíonn athchóirithe agus infheistíochtaí le spriocanna cholún 5 a bhaint amach le thart ar EUR 87 mbilliún (féach miondealú i bhfigiúr 10), agus tá 98 ngarsprioc agus sprioc comhlíonta cheana féin, ar sampla soiléir é go bhfuil iarrachtaí suntasacha déanta ag na Ballstáit a n-athléimneacht a mhéadú agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais.

Fíor 11. Miondealú ar an gcaiteachas lena dtacaítear leis an tsláinte, agus le hathléimneacht na heacnamaíochta, na sochaí agus na n-institiúidí



Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta. Baineann an céatadán leis an sciar foriomlán a chlibeáiltear faoin gcolún beartais seo de na 25 phlean a glacadh ón 30 Meitheamh 2022. Tá an mhodheolaíocht chun caiteachas sóisialta a thuairisciú, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105, ailínithe go hiomlán agus comhtháite sa mhodheolaíocht chun caiteachas a thuairisciú faoi na sé cholún. Faoin gcolún sin, úsáidtear na réimsí beartais a bhfuil réiltín (*) ag baint leo chun tuairisciú a dhéanamh ar mhodheolaíocht an chaiteachais shóisialta.

Léirítear sa bhosca thíos líon beag samplaí de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta.

Samplaí de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta


- Chuir **an Fhrainc** feabhas ar an gcóras sláinte náisiúnta le hathchóiriú lena n-áirítear simpliú ar rialachas na n-ospidéal, rud a thugann níos mó solúbthachta dóibh ina n-eagrú.
- Ghlac **an Ghréig** treochlár le haghaidh athchóiriú cuimsitheach le haghaidh códú agus simpliú reachtaíochta cánach agus infheistíochtaí nua chun Ionaid réigiúnacha um Chosaint Shibhialta a thógáil.
- Rinne **an Iodáil** athchóiriú ar an gceartas sibhialta agus coiriúil agus chuir sí infheistíochtaí ar fáil chun nuashonrú digiteach a dhéanamh ar threalamh digiteach na n-ospidéal.
- Thacaigh **an Phortaingéil** le digitiú an riaracháin phoiblí i dtreo seirbhísí poiblí digiteacha, simplí, cuimsitheacha agus slána do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus ghlac sí dlí nua foraithne maidir leis an meabhairshláinte ina leagtar amach na prionsabail chun cúram meabhairshláinte a eagrú.
- Rinne **an Spáinn** nuachóiriú ar struchtúr institiúideach an rialachais eacnamaíoch.
- Ghlac **an Chróit** an Gníomh Buiséid chun na próisis bhuiséadacha a fheabhsú agus chun an creat fioscach a neartú. Glacadh an Dlí nua maidir le Coinbhleacht Leasa a Chosc agus an Straitéis Frithéillithe do 2021-2030 chun an creat frith-éillithe a neartú. Thairis sin, glacadh Plean Forbartha Sláinte Náisiúnta 2021-2027 agus leagtar amach ann cuspóirí, bearta agus gníomhaíochtaí sonracha arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an gcóras sláinte agus ar thorthaí sláinte.

Is gá neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a chur chun cinn freisin chun institiúidí a neartú agus chun an acmhainneacht ullmhachta agus freagartha i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú. Déanfaidh roinnt Ballstát infheistíocht chun a gcreataí cibearshlándála a neartú i ndáil leis sin. Neartóidh an Spáinn acmhainneacht chibearshlándála na saoránach, na FBManna agus na ngairmithe agus is é is aidhm di éiceachóras foriomlán na hearnála a fheabhsú, agus áiritheoidh an Rómáin cibearshlándáil na n-eintiteas poiblí agus príobháideach a bhfuil bonneagar luacha criticiúil acu. Déanfaidh an tSlóvaic foinsí leictreachais RES a thógáil agus a uasghrádú agus méadóidh sí solúbthacht na gcóras leictreachais le haghaidh comhtháthú RES níos mó, rud a chuideoidh lena neamhspleáchas fuinnimh a mhéadú. Déanfaidh roinnt Ballstát infheistíocht freisin i dtionscadail thionsclaíocha a mheastar a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, mar shampla, earnálacha na haerloingseoireachta agus an spáis i gcás na Fraince.

Colún 6: Beartais don chéad ghlúin eile

Leis na bearta faoi na beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige, dírítear go príomha ar oideachas, oiliúint, oideachas agus cúram luath-óige, chomh maith le bearta chun tacú le fostaíocht don aos óg.. Cuireann thart ar trí cheathrú den chaiteachas iomlán a bhaineann le colún sé bhilliún EUR 56 billiún leis an oideachas ginearálta, leis an ngairmoideachas agus leis an ardoideachas. Tá an 25 % eile nach mór roinnte go cothrom idir oideachas agus cúram na luath-óige, agus tacaíocht fostaíochta don aos óg.

Fíor 12. Miondealú ar an gcaiteachas a thacaíonn le beartais don chéad ghlúin eile de réir réimse beartais



Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta. Baineann an céatadán leis an sciar foriomlán a chlibeáiltear faoin gcolún beartais seo de na 25 phlean a glacadh faoin 30 Meitheamh 2022. Tá an mhodheolaíocht chun caiteachas sóisialta a thuairisciú, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105, ailínithe go hiomlán agus comhtháite sa mhodheolaíocht chun caiteachas a thuairisciú faoi na sé cholún. Faoin gcolún sin, úsáidtear na réimsí beartais a bhfuil réiltín (*) ag baint leo chun tuairisciú a dhéanamh ar mhodheolaíocht an chaiteachais shóisialta.

As na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le colún 6, comhlíonadh 18 díobh. Baineann na garspriocanna agus na spriocanna sin le bearta maidir le beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, le tacú le claochlú digiteach san oideachas, le tacaíocht don mhúinteoireacht, le fóirdheontais a fhostú le haghaidh printíseachtaí, agus le tacaíocht d'ardoideachas na hóige.

Samplaí de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta

- Thug **an Spáinn** Plean Gníomhaíochta isteach chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na n-óg, faoi chuimsiú athchóiriú níos leithne chun beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair a nuachóiriú.
- Thacaigh **an Phortaingéil** leis an aistriú digiteach san oideachas trí infheistíochtaí nua.
- Thug **an Fhrainc** fóirdheontais nua isteach do phrintíseachtaí, chuir sí borradh faoin ardoideachas do mhic léinn iar-baccalaureate agus thacaigh sí le héiceachórais teagaisc, taighde, forbartha agus nuálaíochta.
- San **Iodáil**, tá infheistíochtaí nua curtha ar bun acu do dhaoine leochaileacha chun

II. b. Rannchuidiú an RRF le dul i ngleic le neamhionannais inscne

Tionchar ghéarchéim COVID-19 ar chomhionannas inscne

Tá dúshláin neamhionannais inscne san Aontas nochta agus géaraithe ag géarchéim COVID-19. Ghéaraigh tionchar na tuismíochta ar fhostaíocht agus ar uaireanta an chloig a oibríodh le linn na géarchéime, agus bhí ráta fostaíochta na mban a bhfuil leanaí beaga acu san Aontas 11.8 % níos ísle ná mar a bhí ag mná gan leanaí in 2020.[19] Coinníonn freagrachtaí cúraim gan phá thart ar 7.7 milliún bean san Aontas ó pháirt a ghlacadh i margadh an tsaothair, i gcomparáid le 450 000 fear.[20] Laistiar de na forbairtí sin tá difríochtaí seanbhunaithe maidir le hionadaíocht na mban agus na bhfear in earnálacha agus i ngairmeacha atá thíos leis an ngéarchéim, amhail ró-ionadaíocht na mban in earnálacha atá buailte go dona ag

[19]Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022, féach https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/economy-finance/2022_european_semester_proposal_for_a_joint_employment_report_0.pdf.
[20] EIGE, Éagothromaíochtaí inscne i gcúram agus iarmhairtí do mhargadh an tsaothair, 2021.

dianghlasálacha, difríochtaí inscne in úsáid na teilea-oibre, agus na himpleachtaí a bhaineann le méadú tobann ar obair chúraim gan íocaíocht.

Mar gheall ar thionchar fisiciúil agus síceasóisialta na paindéime, tá méadú tagtha ar neamhionannais, agus iad mná, leanaí agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste[21] **go háirithe atá thíos leis sin.** Is iad na tosca tábhachtacha atá le tabhairt faoi deara ná an foréigean teaghlaigh treisithe agus an tionchar meabhairshláinte na paindéime atá níos airde i measc na mban agus na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste.[22]

Breithnithe comhionannais inscne faoin Seimeastar Eorpach

Gach bliain, faoin Seimeastar Eorpach, molann an Coimisiún roinnt moltaí tírshonracha don Chomhairle chun feabhas a chur ar an gcomhordú idir na Ballstáit maidir leis an mbeartas eacnamaíoch, fioscach, fostaíochta agus sóisialta. Is cuid de chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh é sin. Tar éis fhorógra Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuireann an Seimeastar Eorpach creat ar fáil freisin chun comhordú agus faireachán a dhéanamh ar iarrachtaí na mBallstát chun na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sa Cholún maidir le comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma, agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a bhaint amach. Tugtar aghaidh go sonrach i bPrionsabal 2 ar chomhionannas inscne, agus ar chomhdheiseanna phrionsabal 3.

Maidir le fo-thacar suntasach de dhúshláin arna sainaithint i moltaí tírshonracha 2019 a bhaineann le comhionannas inscne, tugann na Ballstáit aghaidh orthu sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta a formhuiníodh go dtí seo. In 2019, eisíodh moltaí tír-shonracha atá ábhartha don chomhionannas inscne chuig naoi dtír (an Ostair, an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Pholainn, agus an tSlóvaic). Cumhdaíodh iontu an gá atá le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú agus oideachas agus cúram luath-óige a chur ar fáil chomh maith le cúram fadtéarmach mar réamhriachtanas chun rannpháirtíocht den sórt sin a mhéadú, an gá atá le dídhreasachtaí fioscacha chun obair a dhéanamh níos mó uaireanta an chloig a laghdú agus an gá atá leis an mbearna phá idir na hinscní a laghdú.

I gcomhthéacs phaindéim COVID-19, bhí na moltaí tírshonracha a eisíodh in 2019 fós bailí in 2020 agus comhlánaíodh iad le moltaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin bhreise a bhaineann leis an ngéarchéim. Ós rud é gur tháinig athrú suntasach ar raon feidhme téamach na moltaí tírshonracha i Seimeastar Eorpach 2020, níor eisíodh aon mholtaí tírshonracha le tagairtí sainráite don chomhionannas inscne, ach fuair 22 Bhallstát moltaí tírshonracha a thagraíonn do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste i gcoitinne. Tugadh aghaidh freisin in aithrisí go leor moltaí tír-shonracha ar cheisteanna comhionannais, agus cuireadh béim ar a dtábhacht i réimsí beartais éagsúla. Cé nár moladh aon mholtaí tírshonracha neamhfhioscacha

[21]Amhail daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine ar de chine nó grúpa eitneach mionlaigh iad
[22] EIGE, féach https://eige.europa.eu/publications/gender-equality-index-2021-health.

in 2021, moladh moltaí tír-shonracha atá ábhartha maidir le comhionannas inscne i gcás trí thír (an Ostair, an Ghearmáin, an Pholainn) in 2022, inar díríodh ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus ar chúram leanaí a sholáthar.

RRF agus comhionannas inscne

Tá ceisteanna comhionannais le feiceáil go soiléir san RRF, cé nach critéar foirmiúil iad le haghaidh mheasúnú an Choimisiúin ar phleananna náisiúnta. Leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ceanglaítear ar na Ballstáit míniú a thabhairt ar an gcaoi a rannchuidíonn a bpleananna faoi seach le comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách, i gcomhréir le prionsabail 2 agus 3 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 5 (comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus cailíní uile a chumhachtú) agus, i gcás inarb ábhartha, leis an straitéis náisiúnta um chomhionannas inscne[23]. Ceanglaítear leis an Rialachán freisin ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar chomhleanúnachas agus ar chomhlántacht a mbeart le beartais eile agus le cistiú ó fhoinsí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear ó Chiste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+).

Sonraítear i gcuspóirí ginearálta an Rialacháin go dtabharfaidh an tSaoráid aird ar leith ar mhná maidir le tionchar na géarchéime a mhaolú (féach go háirithe Airteagal 4 agus Airteagal 18(4)(o)). Ina theannta sin, áirítear i raon feidhme na Saoráide colún 4 (féach Airteagal 3(d)), lena ndírítear ar chomhtháthú sóisialta agus críochach, ina n-áirítear comhionannas inscne agus comhdheiseanna a fheabhsú sa choincheap ‘sóisialta’. Tugtar aghaidh freisin ar cheisteanna comhionannais tríd an aidhm leochaileachtaí sóisialta a laghdú, rud atá mar chuid de cheann de chritéir mheasúnaithe na bpleananna.

Ar deireadh, ceanglaítear le hAirteagal 17(3) den Rialachán go dtabharfar aghaidh sna pleananna ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a díríodh ar na Ballstáit in 2019 agus 2020 a raibh baint dhíreach nó indíreach acu leis an gcuspóir comhionannas inscne a fheabhsú. Agus na pleananna á n-ullmhú, d’iarr an Coimisiún go comhsheasmhach ar na Ballstáit breithnithe comhionannais a léiriú ina bpleananna náisiúnta. I gcomhréir le cur chuige déach na Straitéise maidir le Comhionannas Inscne,[24] mhol an Coimisiún do na Ballstáit bearta spriocdhírithe a chur san áireamh chun comhionannas a chur chun cinn agus chun breithnithe comhionannais a phríomhshruthú sna pleananna.

Tuairisciú ar chomhionannas inscne i gcur chun feidhme na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta

[23] Airteagal 18(4)(o) de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

[24] Leis an Straitéis, saothraítear cur chuige déach i leith príomhshruthú inscne in éineacht le gníomhaíochtaí spriocdhírithe.

Tá forbairt uirlisí tuairiscithe curtha chun cinn ag an gCoimisiún ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an RRF agus chun a áirithiú go rannchuideoidh sé leis an Aontas agus leis an téarnamh a dhéanamh níos cuimsithí, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfar sonraí tuairiscithe éagsúla a dhí-chomhiomlánú de réir inscne. Chun na críche sin, ghlac an Coimisiún dhá ghníomh tarmligthe a) maidir leis an scórchlár téarnaimh agus athléimneachta agus táscairí coiteanna agus b) an tuairisciú ex-post ar chaiteachas sóisialta. Tháinig an dá cheann i bhfeidhm an 2 Nollaig 2021.

Tá roinnt forálacha sna gníomhartha tarmligthe sin chun tionchar inscne an RRF a rianú:

- Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106[25] bunaítear 14 tháscaire choiteanna ar ina leith a thuairiscíonn na Ballstáit ar an dul chun cinn i dtreo chuspóirí na Saoráide agus le haghaidh ceithre cinn de na táscairí coiteanna sin is gá sonraí a dhí-chomhiomlánú de réir inscne.
- Chun rannchuidiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta le comhionannas inscne a rianú, shann an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, ina uirlisí measúnaithe, bratach do bhearta lena ndírítear ar chomhionannas inscne, i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105.[26]

Rud atá tábhachtach, mar gheall ar na srianta modheolaíochta, cineál ex ante an mheasúnaithe agus cineál feidhmíochtbhunaithe an RRF, ní féidir an fíorthionchar agus an caiteachas ar chomhionannas inscne a dhíorthú go díreach ó na pleananna iad féin.

Bearta lena ndírítear ar chomhionannas inscne i bpleananna náisiúnta


De réir sannadh bratacha comhionannais inscne ag an gCoimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, do bhearta na bpleananna éagsúla, meastar gur 129 mbeart sna 25 phlean a glacadh faoin 30 Meitheamh 2022 atá ag díriú ar chomhionannas inscne.. Féach an miondealú in aghaidh an Bhallstáit i bhfigiúr 13.[27]

[25] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106 lena leagtar amach na táscairí coiteanna agus gnéithe mionsonraithe an scórchláir téarnaimh agus athléimneachta.

[26] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105 an 28 Meán Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta trí mhodheolaíocht a shainiú chun caiteachas sóisialta a thuairisciú. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearna an Coimisiún an mhodheolaíocht sin a chur i bhfeidhm ní hamháin maidir le bearta de chineál sóisialta, ach maidir le gach beart eile a áirítear sna RRPanna a glacadh agus lena ndírítear ar chomhionannas inscne, d'fhonn iad sin a léiriú níos fearr ar fud na bpleananna. Níor ghá an fócas sin a dhíriú go príomha ar na bearta lena mbaineann. Tugann sé sin le tuiscint go bhféadfadh tionchar a bheith ag bearta nach bhfuil luaite orthu ar chomhionannas inscne freisin. Ina theannta sin, i bhfianaise na srianta modheolaíochta, cineál ex ante an mheasúnaithe agus cineál feidhmíochtbhunaithe an RRF, ní féidir an fíorthionchar agus an caiteachas ar chomhionannas inscne a dhíorthú go díreach ó na bratacha.

[27] Is figiúirí léiritheacha iad na figiúirí, atá ceaptha lena n-úsáid le haghaidh anailíse cáilíochtúla, agus ní hionann iad agus measúnú comparáideach ar RRPanna na mBallstát. Tá éagsúlacht mhór idir líon agus struchtúr na mbeart i ngach plean náisiúnta, chomh maith leis an gcur chuige chun gealltanais i leith comhionannas inscne a léiriú. Tá anailís níos mionsonraithe le fáil sna Doiciméid Inmheánacha Oibre arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh gach plean formhuinithe.

Fíor 13. An sciar (in %) de bhearta lena ndírítear ar chomhionannas inscne sna RRPanna a glacadh



Foinse: An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta

Cé go rannchuidíonn bearta sonracha den chuid is mó le colún 4 (Comhtháthú sóisialta agus críochach), colún 5 (Sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach), agus colún 6 (Beartais don chéad ghlúin eile) den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tacaítear freisin le comhionannas inscne trí bhearta lena rannchuidítear le colún 1 (an t-aistriú glas), colún 2 (an claochlú digiteach) agus colún 3 (Fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach)..

Mar shampla, rannchuidíonn roinnt beart a thacaíonn leis an aistriú glas faoi cholún 1 le cuspóirí comhionannais inscne (e.g. an Bheilg, Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an tSlóvaic agus an Spáinn), trí oiliúint i scileanna glasa a chur chun cinn i measc na mban nó trí shaoráidí cúraim leanaí a bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh níos airde acu a chruthú agus a athchóiriú.

I mbearta a thacaíonn leis an aistriú digiteach faoi cholún 2, tá gníomhaíochtaí curtha san áireamh ag roinnt Ballstát (e.g. an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia, an Phortaingéil, an Spáinn agus an tSualainn) chun feabhas a chur ar scileanna digiteacha na gcailíní agus na mban chomh maith leis an ionadaíocht chomhionann in ETIM agus TFC (e.g. an Phortaingéil, an Iodáil).

Faoi cholún 3 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach, rinne roinnt Ballstát breithnithe comhionannais inscne a phríomhshruthú trí bhearta a chur san áireamh chun feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú d'fhiontraithe ban agus chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta atá faoi úinéireacht a mban. Ar an gcaoi chéanna, tá bearta ann chun cabhrú le

mná feabhas a chur ar a gcuid scileanna fiontraíochta. Thug roinnt Ballstát isteach oibleagáidí nó spriocanna sonracha maidir le tuairisciú inscnebhunaithe (e.g. an Chipir, an Fhrainc, an Iodáil, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Spáinn).

Áirítear ar na bearta faoi cholún 4 athchóirithe chun an bhearna phinsin idir na hinscní a laghdú (e.g. an Ostair), chun cothromaíocht oibre is saoil agus dálaí oibre a fheabhsú (e.g. an Chróit agus an tSlóivéin), agus chun príomhshruthú inscne a threisiú i mbeartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair (e.g. an Spáinn), chomh maith le hinfheistíochtaí chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a dhreasú (e.g. an Iodáil), agus chun litearthacht airgeadais na mban a fheabhsú (e.g. an Chipir).

Tá sé d'aidhm ag go leor beart na córais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh faoi cholún 5 a neartú cáilíocht agus soláthar cúram foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach nó áitiúil araon, rud a laghdóidh freagrachtaí cúraim a ghlacann mná go minic sna teaghlaigh (e.g. an Ostair, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Iodáil, an Liotuáin, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn). Ina theannta sin, cuideoidh roinnt beart go sonrach le tacú le mná torracha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus le feabhas a chur ar na dálaí oibre do ghairmeacha ar mná iad den chuid is mó, amhail an t-altranas (e.g. an Ostair agus an tSualainn).

Ar deireadh, áirítear ar na bearta faoi cholún 6 athchóirithe agus infheistíochtaí chun rochtain ar oideachas agus ar chúram na luath-óige a mhéadú (e.g. an Ostair, an Bheilg, an Chipir, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Pholainn, an tSlóvaic agus an Spáinn), ar cabhair agus coinníoll tábhachtach é chun tacú le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair.

Go dtí seo, tá 13 bheart ann a dhíríonn ar chomhionannas inscne a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta, féach roinnt samplaí thíos.

Samplaí de bhearta lena ndírítear ar chomhionannas inscne a bhfuil garspriocanna agus spriocanna dá gcuid comhlíonta


- San **Iodáil**, tá ciste cruthaithe acu chun tacú le fiontraíocht na mban agus chun infheistíocht a bheartú chun leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i dteaghlaigh a chosc, lena n-áirítear trí thacú le tuismitheoirí leanaí idir 0-17 mbliana d'aois.
- Bhunaigh **an Ghréig** creat nua chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil agus chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní a dhúnadh.
- Chuir **an Phortaingéil** trealamh digiteach nua ar fáil i scoileanna chun forbairt chothrom scileanna digiteacha do chailíní agus do bhuachaillí a chur chun cinn agus chun tacú le rannpháirtíocht chomhionann in STEM.
- Thug **an Spáinn** oibleagáidí nua isteach d'fhostóirí chun pá comhionann d'fhir agus do mhná agus trédhearcacht pá a áirithiú. Cuideoidh an t-athchóiriú sin le cásanna idirdhealaitheacha a shainaithint mar gheall ar mheasúnuithe míchearta ar phoist (i.e. pá níos ísle as obair ar comhionann a luach). Ina theannta sin, rinne sí athbhreithniú ar an gcúiteamh do thuismitheoirí, go príomha máithreacha, as costas breithe agus

III. AN BEALACH AR AGHAIDH: IONSTRAIM SHOLÚBTHA ATÁ CURTHA IN OIRIÚINT DO DHÚSHLÁIN ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

III.a. Pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua

Tá cistiú faoi théarmaí maoinithe an-fhabhrach ar fáil do na Ballstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise.. Tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil an deis ag na Ballstáit a bpleananna a threisiú trí athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bheidh le maoiniú trí iasachtaí a chur isteach. Leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta socraítear uasmhéid na n-iasachtaí go EUR 360 billiún i bpraghsanna 2018. Go dtí seo, tá thart ar EUR 165 bhilliún de thacaíocht iasachta geallta, mar a léirítear i bhFigiúr 13 thíos. Dá bhrí sin, is ionann méid na n-iasachtaí RRF atá fós ar fáil lena iarraidh ag na Ballstáit agus thart ar EUR 225 billiún nuair a dhéantar iad a chomhshó i bpraghsanna reatha. Is féidir iasachtaí RRF a chomhcheangal le maoiniú príobháideach chun a dtionchar a ghiaráil. Chun iarrataí ar iasachtaí a phróiseáil go tapa agus chun próiseas cothrom trédhearcach a áirithiú, mhol an Coimisiún, mar chuid den Rialachán leasaitheach atá beartaithe maidir le REPowerEU, go gcuirfeadh na Ballstáit a rún in iúl maidir le glacadh féideartha iasachtaí RRF 30 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin nua.

Fíor 14. Forbhreathnú ar iasachtaí geallta (billiún EUR)



Foinse: an Coimisiún Eorpach

An RRF mar uirlis chun tacú le cuspóirí phlean REPowerEU a bhaint amach

I bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin agus na n-imeachtaí geopholaitiúla a tharla le déanaí, tá dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo os comhair na mBallstát. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh borradh a chur faoi athléimneacht na mBallstát agus infheistíocht a dhéanamh i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar bhealach comhpháirteach comhordaithe ar fud an Aontais, ag cloí le prionsabail na cothroime agus na dlúthpháirtíochta. D'aistrigh an fócas níos mó ar dhlús a chur leis an aistriú glas agus digiteach agus ar dhul ar aghaidh le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus an acmhainneacht freagartha ar ghéarchéimeanna a mhéadú. Clúdaíonn líon mór Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta bearta chun dul i ngleic leis na dúshláin sin cheana féin, agus is cinnte gur tosaíocht é dlús a chur le cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana.

Tá plean REPowerEU molta ag an gCoimisiún, agus leas á bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar cheann de na príomhuirlisí seachadta. Is é is aidhm do phlean REPowerEU freagairt don phráinn dhúbailte a bhaineann le córas fuinnimh na hEorpa a chlaochlú: deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise, a úsáidtear mar armán eacnamaíoch agus polaitiúil agus a chosnaíonn beagnach EUR 100 billiún in aghaidh na bliana ar cháiníocóirí na hEorpa, rud a mhéadaíonn ár n-athléimneacht agus a chuireann dlús leis an aistriú glan. Ag cur leis an bpacáiste Oiriúnach do 55 agus na gníomhaíochtaí maidir le cinnteacht soláthair agus stórála fuinnimh a thabhairt chun críche, cuirtear sraith bhreise gníomhaíochtaí ar aghaidh leis an bPlean REPowerEU chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) fuinneamh a shábháil agus borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh, 2) soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, 3) dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan, agus 4) infheistíochtaí agus athchóirithe a chomhcheangal go cliste. Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún a áirithiú go molfaidh na Ballstáit caibidil REPowerEU in aon Phlean Athléimneachta modhnaithe. Ba cheart an chaibidil sin a dhíriú ar bhearta a rannchuidíonn le cuspóirí REPowerEU tacú le coigilteas fuinnimh, soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite in ionad breoslaí iontaise i dtithe, i dtionscal, in iompar agus i nginiúint cumhachta. Ba cheart do chaibidil don sórt sin tacú leis na cuspóirí sin trí bhorradh a chur faoi athcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa, chomh maith le tacú le slabhraí luacha in bpríomhábhair agus i bpríomhtheicneolaíochtaí atá nasctha leis an aistriú glas.

Moladh acmhainní breise don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun freagairt do nadúshláin gheopholaitiúla sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Tá sé ríthábhachtach éagsúlú agus slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais a mhéadú agus spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú chun go mbeidh téarnamh rathúil inbhuanaithe ann. Tá an deis ag na Ballstáit úsáid a bhaint as an gclúdach iasachta atá fágtha faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus iasachtaí a úsáid chun tacú le bearta i gcomhréir le cuspóirí REPowerEU. Tá sé molta ag an gCoimisiún freisin méadú EUR 20 billiún a dhéanamh ar na cistí atá ar fáil don RRF ó lamháltais de chuid Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais a dhíol atá i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi láthair chun cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Ar deireadh, tugann an togra an deis do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, cuid dá leithdháileadh faoi chláir faoi bhainistíocht chomhroinnte a aistriú

chuig an RRF. Go háirithe, is féidir sciar níos mó dá leithdháileadh 2021-2027 faoi chistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna (méadú ó 5 % go dtí 12.5 %) agus suas le 12.5 % dá leithdháileadh náisiúnta faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a leithdháileadh ar na RRPanna, i bhfianaise ailíniú ard idir an RRF agus cuspóirí na gclár sin.

Is rud iad na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta lenar maith is féidir na tosaíochtaí práinneacha sin a chur chun feidhme. Beidh Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát ina gcreat straitéiseach le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí chun gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach a áirithiú ar mhaithe le córais fuinnimh níos athléimní, níos sláine agus níos inbhuanaithe i gcomhréir le cuspóirí phlean REPowerEU. Beidh ar na pleananna modhnaithe aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2022, agus na moltaí i réimse an fhuinnimh go háirithe.

III.b. Ag bogadh ar aghaidh: treoir do na Ballstáit maidir leis na pleananna a thabhairt cothrom le dáta

Sa nóta treorach nua maidir leis na RRPanna i gcomhthéacs REPowerEU, soláthraítear an fhaisnéis agus na treoracha a bhfuil gá na Ballstáit leo chun a bpleananna a mhodhnú i ndáil leis an leithdháileadh nuashonraithe, agus cuirtear athchóirithe agus infheistíochtaí leis freisin chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí REPowerEU.

Tá an Treoraíocht nua dírithe ar an bpróiseas chun pleananna atá ann cheana a mhodhnú, ach tá treoraíocht Eanáir 2021[28] bailí fós maidir le RRPanna a ullmhú ar an iomlán. Go sonrach, leagtar amach sa nóta treorach nua an chaoi ar cheart caibidil REPowerEU a struchtúrú agus an méid ba cheart a bheith inti:

Tá sé curtha in iúl go soiléir ag an gCoimisiún freisin sa Treoir nár cheart moill a chur ar chur chun feidhme RRPanna trí Chaibidlí REPowerEU a chur isteach sna RRPanna. Tá sé tábhachtach go leanfadh na Ballstáit de bheith ag díriú ar chur chun feidhme na RRPanna atá ann cheana, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le garspriocanna agus spriocanna, i bhfianaise a n-ábharthachta maidir le téarnamh níos tapúla ó thionchar eacnamaíoch na paindéime agus athléimneacht níos fearr.

Dá bhrí sin, ba cheart údar maith a bheith le modhnú ar na RRPanna agus é a bheith teoranta sa tslí agus nach mbeidh ach raon sonrach cásanna i gceist leis ionas go bhféadfar na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe breise a ghlacadh agus a shlógadh go pras. Níor cheart uaillmhian na RRPanna a laghdú, go háirithe maidir le hathchóirithe lena dtugtar aghaidh ar mholtaí tírshonracha.

[28]Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin (2021) 12 final

Conclúid

Bunaíodh RRF i mí Feabhra 2021 chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn agus chun tacaíocht shuntasach airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, trí dhlús a chur le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe. 18 mí ina dhiaidh sin, tá dul chun cinn mór déanta: tá réidhe an achair le cur chun feidhme an chláir oibre uaillmhianaigh athchóirithe agus infheistíochta a chuir na Ballstáit chun cinn, rud a thacaíonn le dlús a chur le haistrithe glasa agus digiteacha na hEorpa.

Thairis sin, is í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta is cloch choirnéil anois do straitéis an Aontais Eorpaigh, straitéis atá dírithe ar an todhchaí, ós rud é go leagtar síos leis na Pleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta an clár oibre infheistíochta agus athchóirithe chun borradh a chur faoin bhfás cuimsitheach inbhuanaithe do na blianta atá le teacht.. I ndáil leis an méid sin, cabhróidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis na Ballstáit dul i ngleic le héagothromaíochtaí idir mná agus fir trí bhearta lena ndírítear go sonrach ar chomhionannas inscne agus trí thacú le príomhshruthú comhionannais ar fud na sé cholún beartais.

Nádúr uathúil na Saoráide, is é sin gur ionstraim í atá bunaithe ar an éileamh agus ar an bhfeidhmíocht, is rud é a léirigh éifeachtacht na Saoráide sa chéim luath seo freisin. Tacaíonn sé le cur chun feidhme teaglaim d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile, a dheartar i gcomhar leis na Ballstáit, agus atá saincheaptha dá riachtanais, agus a chuireann dreasachtaí leordhóthanacha ar fáil chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad sa mheántéarma.

Ó cruthaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, bhí tionchar ollmhór ag imeachtaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar shochaí agus ar gheilleagar an Aontais, atá ag dul i ngleic anois le géarchéim nua atá ag eascairt as tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Na bearta a áirítear sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta atá ann cheana chun na haistrithe glasa agus digiteacha a bhaint amach, is bearta iad ríthábhachtach i gcónaí agus ní mór iad a chur chun feidhme go hiomlán. Thairis sin, líon mór beart a áirítear i bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát, tá coinne leis cheana gur bearta iad a rannchuideoidh leis na dúshláin nua. Ag an am céanna, mar gheall ar na forbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha a tháinig i gceist le déanaí, éilítear práinn níos mó fós agus leibhéal níos airde uaillmhéine chun athléimneacht sholáthar fuinnimh an Aontais a fheabhsú go mór, chun an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú, agus chun tacú le haistrithe córa. Chuige sin, teastaíonn meascán d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe breise, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

Sa chomhthéacs sin, i bhfianaise an chéad ratha inbhraite a bhí ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, mhol an Coimisiún príomhuirlis seachadta REPowerEU a

dhéanamh di.[29]. An acmhainneacht iasachta atá ar fáil faoin RRF, chomh maith leis na foinsí cistiúcháin breise atá beartaithe, sin dhá rud ar féidir leo rannchuidiú le neamhspleáchas straitéiseach oscailte na hEorpa a neartú, spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú, agus tacú le fuinneamh in-athnuaite agus tomhaltas fuinnimh a laghdú ar an iomlán. Agus caibidil REPowerEU sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun a n-uaillmhian a neartú, is maith is féidir leo feidhmiú mar phríomhchreat straitéiseach na hEorpa le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí chun gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach a áirithiú ar mhaithe le córais fuinnimh níos athléimní, níos sláine agus níos inbhuanaithe.

[29] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán 2021/1060, 2021/2115, 2003/87/CE agus Cinneadh 2015/1814. Téacs iomlán ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/files/proposal-regulation-european-parliament-and-council-amending-regulation-eu-2021-241-regards-repowereu-chapters-recovery-and-resilience-plans-and-amending-regulation-2021-1060-2021-2115-2003-87-ec-2015-1814_ga